COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

# Foirm Iarratais ar Bhronntanas Duaisbhannaí

Comhlánaigh an fhoirm seo i mBLOCLITREACHA.

E00167294

## PAINÉAL A | LE COMHLÁNÚ LE HAGHAIDH GACH CEANNACHÁIN BRONNTANAIS

Seolfar gach Comhfhreagras chuig seoladh an Chéad Sealbhóra Ainmnithe (Roinn 1).

ROINN 1 AGUS 2 - CUIR ISTEACH SONRAÍ AN DUINE ATÁ LE DUAISBHANNAÍ A GHLACADH MAR BHRONNTANAS

ROINN 3 - CUIR ISTEACH DO CHUID SONRAÍ

| | Roinn 1: **FAIGHTEOIR BRONNTANAIS** An sealbhóir céadainmnithe | Roinn 2: **FAIGHTEOIR BRONNTANAIS** An dara sealbhóir (comhshealbhóir) ainmnithe | Roinn 3: **Sonraí an CHEANNAITHEORA** |
|---|---|---|---|
| Teideal* | Uas ☐ Bn ☐ Ms ☐ Iníon ☐ Mx ☐ | Uas ☐ Bn ☐ Ms ☐ Iníon ☐ Mx ☐ | Uas ☐ Bn ☐ Ms ☐ Iníon ☐ Mx ☐ |
| Céadainm(neacha)* | | | |
| Ainm Láir | | | |
| Sloinne* | | | |
| Seoladh líne 1* | | | |
| Seoladh líne 2 | | | |
| Cathair/Baile | | | |
| Contae* | | | |
| Tír | | | |
| Éirchód | | | |
| Uimh. Theileafóin teagmhála | | | |
| Seoladh ríomhphoist | | | |

## PAINÉAL B | LE COMHLÁNÚ LE HAGHAIDH CEANNACHÁIN OS CIONN €100 AMHÁIN

**Má tá an ceannach bronntanais níos mó ná €100 tabhair na doiciméid atá liostaithe i bPainéal D do shealbhóir(í) agus do cheannaitheoir (í) faighteoir an bhronntanais ainmnithe.**

| | Roinn 1 | Roinn 2 | Roinn 3 |
|---|---|---|---|
| UPSP* | | | |
| Dáta Breithe* | L L M M B B B B | L L M M B B B B | L L M M B B B B |

## PAINÉAL C | MODH ÍOCAÍOCHTA AGUS FOINSE NA GCISTÍ

**Luach*** € ☐☐☐ , ☐☐☐ . ☐☐

**Líon na n-aonad*** (ag €6.25 an ceann)

**Modh Íocaíochta*** Seic ☐ Airgead tirim ☐ Cárta Dochair ☐
(Seiceanna le bheith iníoctha le GBCN Coigilteas Stáit)

**Méideanna Aonair**
Íosmhéid – Uasmhéid
€25 – €250,000

*Foinse na gCistí (Cuir tic leis an rogha chuí thíos)

| | | |
|---|---|---|
| Coigilteas Pearsanta ☐ | Cistí a Fuarthas le hOidhreacht ☐ | Eile - tabhair sonraí ☐ ____________ |
| Duaisbhannaí ☐ | | |

## PAINÉAL D | SEICLIOSTA DO DHOICIMÉID

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Foirm Iarratais chomhlánaithe** ☐ | **Cruthúnas Ainm:** Ceadúnas Tiomána reatha bailí AE nó Pas ☐ | **Cruthúnas Seoladh:** Doiciméad/Litir le d'ainm, do sheoladh agus dátaithe níos lú ná 6 mhí m.sh. Bille Teaghlaigh/Ráiteas Bainc ☐ | **Cruthúnas UPSP:** Cáipéis/Litir le d'ainm agus UPSP m.sh. Cárta Seirbhíse Poiblí (Cúl agus Aghaidh )/ Cáipéis Ioncaim ☐ |

## PAINÉAL E | DEARBHÚ AGUS SÍNIÚ

**Tá na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta reatha agus na Coinníollacha Sonracha lena n-áirítear úsáid mo/ár UPSP léite agus glactha agam/againn. Sínigh agus dátaigh. I gcás ceannacháin faoi bhun €100, níl ach síniú an Cheannaitheora ag teastáil. Tá gach síniú ag teastáil le haghaidh ceannacháin os cionn €100.**

| Síniú Shealbhóir an Chéad Fhaighteora Bronntanais | Síniú an Dara Sealbhóra Faighteora Bronntanais | Síniú an Cheannaitheora |
|---|---|---|
| X | X | X |
| Dáta L L M M B B B B | Dáta L L M M B B B B | Dáta L L M M B B B B |

**Tá Síniú Toilithe Tuismitheora/Caomhnóra ainmnithe ag teastáil le haghaidh Ceannach Bronntanais do Mhionaoiseach (níos lú ná 18 mbliana).**

Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra (BLOCLITREACHA)

Síniú an tuismitheora/ chaomhnóra: X

## D'ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

UIMH. ADMHÁLA

GROF

Ainm Oifige

FORMHUINIGH GACH SEIC LEIS AN UIMHIR ADMHÁLA

Dáta L L M M B B B B

STAMPA DÁTA

COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

**NÓTAÍ -** Sula gcomhlánaíonn tú an Fhoirm Iarratais seo agus go háirithe Painéal E 'Dearbhú agus Síniú' ní mór duit na Nótaí ar an leathanach seo a léamh.

## 1. FIANAISE AR CHÉANNACHT AGUS FAISNÉIS EILE

1.1 Iarrtar ort ó am go chéile do chéannacht a dheimhniú dúinn (lena n-áirítear do shloinne, do chéadainm, do dháta breithe agus do sheoladh) chun na gcríoch seo a leanas: (a) an Comhaontú (aon Idirbheart san áireamh); (b) riar do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit na hÉireann eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus (c) críocha dlí gaolmhara, lena n-áirítear chun oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh ar cinn iad a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí a chosc, agus chun aon treoir ghaolmhar arna heisiúint ag comhlachtaí rialála ábhartha a chomhlíonadh, agus slándáil cuntas agus cosc calaoise.

1.2 D'fhéadfaimis do chéannacht a fhíorú: (a) trí mhodh leictreonach (trí thagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a sholáthair tú, lena n-áirítear d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)); nó (b) de láimh (trí thagairt a dhéanamh do cháipéisí bunaidh nó cóipeanna deimhnithe inghlactha arna soláthar agat, lena bhféadfaí a áireamh cáipéisí amhail do phas bailí, ceadúnas tiomána AE bailí, bille fóntais a fuarthas le déanaí, ráiteas cuntais a fuarthas le déanaí ó bhanc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa, do Chárta Seirbhísí Poiblí nó cáipéisí oifigiúla eile a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim nó an Roinn Coimirce Sóisialaí duit.)

1.3 I gcás nár sholáthair tú fianaise shásúil ar do chéannacht chun na gcríoch a leagtar amach i gcoinníoll 1.1, cuirfimid é sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le d'iarratas ar an Táirge a cheannach go dtí go ndeimhneofar do chéannacht go sásúil.

1.4 D'fhéadfaimis a cheangal ort freisin faisnéis áirithe eile a sholáthar dúinn faoi do náisiúntacht, do stádas fostaíochta nó d'fhoinse airgid (e.g. airgead taisce nó ioncam) agus faisnéis eile chun oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh ar cinn iad a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí a chosc, agus chun aon treoir ghaolmhar arna heisiúint ag comhlachtaí rialála ábhartha a chomhlíonadh.

1.5 I gcás inar iarradh ort faisnéis a sholáthar de bhun choinníoll 1.4 agus nach bhfuil sé sin déanta agat, cuirfimid é sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le d'iarratas ar Tháirge a cheannach go dtí go mbeidh an fhaisnéis a iarradh soláthraithe dúinn.

## 2. SONRAÍ PEARSANTA

2.1 Leagtar amach sa choinníoll 2 seo (Sonraí Pearsanta) achoimre ar na sonraí pearsanta a d'fhéadfaimis a phróiseáil maidir leatsa i ndáil leis na Táirgí, mar aon le hachoimre ar do chearta i dtaobh cosaint sonraí de. Tá cóip iomlán dár Ráiteas um Chosaint Sonraí i ndáil le Coigilteas Stáit na hÉireann le fáil ag statesavings.ie/help-support/help-articles/state-savings-dataprotection-statement. Más fearr leat cóip chrua a fháil den Ráiteas um Chosaint Sonraí i ndáil le Coigilteas Stáit, is féidir leat cóip a iarraidh ach scríobh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

2.2 Is é GBCN an Rialaitheoir Sonraí (arna sainiú sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)), agus chun críoch an Rialacháin sin, i leith na sonraí pearsanta ar fad arna soláthar agat. Is 'comhlacht sonraithe' iad an tAire Airgeadais agus GBCN araon chun críocha ailt 262 go 270 agus sceideal 5 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna leasú, faoina bhfuil údarás ag GBCN agus ag an Aire Airgeadais i dtaobh sonraí pearsanta a phróiseáil, agus UPSPanna san áireamh, chun críoch áirithe.

2.3 Baileoimid, próiseálfaimid agus úsáidfimid sonraí pearsanta a bhaineann leat, lena n-áirítear do UPSP agus an fhaisnéis dá dtagraítear i gcoinníoll 1 (Fianaise ar Chéannacht agus Faisnéis Eile): (a) de réir mar is gá chun an Comhaontú (agus aon Idirbheart san áireamh) a fheidhmiú; (b) i gcomhair riar do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit na hÉireann eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo; agus (c) chun críoch dlí gaolmhar, lena n-áirítear comhlíonadh oibleagáidí reachtúla a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí a chosc agus comhlíonadh aon treorach gaolmhaire arna heisiúint ag comhlachtaí rialála ábhartha, agus slándáil cuntas agus cosc calaoise.

2.4 Admhaíonn tú go ndéanfar do chuid sonraí pearsanta (do UPSP san áireamh) a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid chun na gcríoch a leagtar amach in 2.3.

2.5 Tig linn féin, lenár nGníomhairí agus le haon soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ag feidhmiú ar ár son sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha an Chomhaontaithe agus chun críoch dlí lena mbaineann agus chun aon chríche eile is gá i gcomhair fheidhmiú an Chomhaontaithe nó aon chríche eile ag a bhfuil baint réasúnta leis an bhfeidhmiú sin.

2.6 Coinneoimid do chuid sonraí pearsanta chomh fada agus a bheidh táirge de chuid Choigilteas Stáit na hÉireann agat agus, seachas sin, de réir an dlí infheidhme um chosaint sonraí agus oibleagáidí reachtúla infheidhme (lena n-áirítear faoi reachtaíocht a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí a chosc).

2.7 Faoi réir do thola, tig linne, nó lenár nGníomhairí, do shonraí pearsanta a úsáid chun margaíocht a dhéanamh ar Tháirgí Coigilteas Stáit na hÉireann. I gcás ina bhfuil níos mó ná Táirge amháin agat, beidh feidhm ag na sainroghanna is déanaí a thug tú le fios i leith gach Táirge atá agat a bhfuil feidhm ag na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta ina leith.

2.8 Faoi réir eisceachtaí áirithe i ngach cás, tá sé de cheart agat rochtain a iarraidh ar do chuid sonraí pearsanta atá againn de réir RGCS, cóip de na sonraí pearsanta sin a fháil, go gceartófaí do chuid sonraí pearsanta i gcás ina bhfuil siad míchruinn nó míthreorach, go ndéanfaí do chuid sonraí pearsanta a scriosadh, cur ina choinne go ndéanfaimis do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil, a iarraidh go gcuirfí srian leis an úsáid a bhaintear as do shonraí pearsanta, do thoiliú a tharraingt siar i leith phróiseáil do shonraí pearsanta, sa chás ina mbímid ag brath ar thoiliú uait chun iad a phróiseáil, agus iniomparthacht sonraí a iarraidh i ndáil le do chuid sonraí pearsanta. Más mian leat aon cheann de na cearta sin a fheidhmiú, déan teagmháil leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí, Coigilteas Stáit Éireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2. Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Féach www.dataprotection.ie i gcomhair tuilleadh faisnéise.

## 3. TEORAINNEACHA

3.1 Díoltar Duaisbhannaí in aonaid €6.25. Tá íoscheannach €25 (4 aonad) i gceist. Tabhair faoi deara nach féidir ceannach Duaisbhannaí a chlárú nó a chur sa tarraingt sheachtainiúil go dtí go gcomhlánaítear na riachtanais fíoraithe riachtanacha (nóta 1).

3.2 Is ionann an uasteorainn sealúchais do Dhuaisbhannaí a chuirtear le Clár na nDuaisbhannaí in ainm sealbhóirí Banna ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh agus €250,000.

3.3 Is ionann an uasteorainn sealúchais do Dhuaisbhannaí a chuirtear le Clár na nDuaisbhannaí i gcomhainmneacha ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh agus €500,000.

3.4 Chun críocha uasteorainn sealúchais Comhshealbhóirí a ríomh i nDuaisbhannaí nua a chláraítear ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh, measfar go mbeidh codanna comhionanna den tsuim ag gach Comhshealbhóir agus roinnfear go cothrom é idir gach duine de na Comhshealbhóirí.

3.5 Ceadaítear d'aistrithe mar thoradh ar shealúchais oidhreachta an uasteorainn shealúchais a shárú ach tá gach aistriú eile faoi réir na huasteorann sealúchais.

3.6 Is féidir duaiseanna Duaisbhanna a ath-infheistiú i nDuaisbhannaí nua laistigh de 30 lá ó dháta na tarraingthe. Tá na Duaisbhannaí nua seo díolmhaithe ón Uasteorainn Sealúchais. Féach 3.7 freisin.

3.7 Chun críocha uasteorainn chomhiomlán sealúchais Duaisbhannaí a ríomh do dhuine aonair, cuirfear aon bhannaí atá ag an duine de réir coinníollacha 3.5 agus 3.6 le haon bhannaí a cheannaigh siad ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh. Má shroicheann nó má sháraíonn an duine an uasteorainn sealúchais mar gheall ar an ríomh seo, ní chláróifar aon Duaisbhannaí eile don duine sin.

3.8 I gcás go n-aistríonn sealbhóir Bannaí na Duaisbhannaí go hairgead agus go n-úsáidtear na fáltais chun Duaisbhannaí a cheannach, beidh ceannach nua na nDuaisbhannaí seo faoi réir na dteorainneacha.

3.9 I gcás go bhfaightear iarratas chun Duaisbhannaí a cheannach, a mbeidh sé mar thoradh air go sáróidh aon pháirtí aonair leis an iarratas a n-uasteorainn, sa chás seo déanfaidh Cuideachta na nDuaisbhannaí teagmháil leis an sealbhóir agus cuirfear ár nósanna imeachta agus a roghanna in iúl dóibh.

## NÓTAÍ EILE

4 Is táirge iad Duaisbhannaí a chuireann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) ar fáil thar ceann an Aire Airgeadais. Feidhmíonn an Chuideachta Duaisbhannaí DAC mar ghníomhaire an NTMA i bhfeidhmiú na Scéime Duaisbhannaí.

5 Coimeádann an NTMA agus a ghníomhaire an Chuideachta Duaisbhannaí an ceart faoina sainrogha féin aon iarratas um cheannach a dhiúltú agus méid an cheannaigh a aisíoc leis na hiarrthóirí Duaisbhannaí.

6 Má cheannaíonn tú Duaisbhannaí ag Oifig an Phoist tabharfar Admháil Cheannacháin duit. Eiseofar Teastas na nDuaisbhannaí féin chuig an Sealbhóir/na Sealbhóirí Bannaí ainmnithe laistigh de 10 lá oibre ar an gcoinníoll gur comhlíonadh na ceanglais riachtanacha i ndáil le fíorú (nóta 1).

7 Is féidir Duaisbhannaí a chlárú in ainm amháin nó in dhá ainm, ach ní féidir níos mó ná dhá ainm a úsáid. Ná cuir isteach cnuasainmneacha cosúil le 'Teaghlach' etc. Caithfidh tú a chinntiú go bhfuil Ainm(neacha) agus seoladh(seoltaí) iomlán(a) agus Dáta Breithe agat.

8 Eiseofar an Teastas Duaisbhannaí, ar a mbeidh Sraithuimhreacha na mbannaí, díreach chuig an Sealbhóir/ na Sealbhóirí Bannaí cláraithe, agus ba cheart don duine sin nó na daoine sin iad a choinneáil in áit shábháilte chun tagairt a dhéanamh dóibh amach anseo. I gcás comhshealúchais, seolfar na Duaisbhannaí chuig an gcéad sealbhóir ainmnithe.

9 Is féidir Duaisbhannaí a choinneáil ar feadh tréimhse gan teorainn, ach ní mór iad a choinneáil ar feadh 90 lá ar a laghad. Cuirtear gach buaiteoir duaise ar an eolas tríd an bpost ag seoladh cláraithe an té sin, nó ar líne. Ba cheart do Shealbhóirí Bannaí Coigilteas Stáit na hÉireann a chur ar an eolas faoi ainm nua agus/nó seoladh nua trí fhoirm um Athrú Ainm agus/nó Athrú Seolta a líonadh isteach agus a chur isteach. Gheofar an fhoirm sin ar líne nó ó Oifig an Phoist.

10 Is féidir an fhoirm cheannaigh seo, comhlánaithe agus sínithe, a thabhairt isteach leis an íocaíocht chuí chuig aon Oifig Phoist. Glactar le ceannach trí airgead tirim, cárta dochair nó seic (iníoctha le NTMA Coigilteas Stáit). Sin nó, féadfaidh tú d'iarratas agus íocaíocht a sheoladh sa phost.

11 Má bhuann tú duais, cuirfear ar an eolas thú tríd an bpost nó ar líne. Tig leis an Sealbhóir/na Sealbhóirí Bannaí a roghnú cé acu seo a leanas a dhéanfar leis an duais (na duaiseanna): (a) go ndéanfar í a lóisteáil i gcuntas bainc an té sin. (b) go ndéanfar í a ath-infheistiú i nDuaisbhannaí. Más mian leis an Sealbhóir Bannaí go ndéanfaí duaiseanna a lóisteáil i gcuntas bainc ina ainm nó ina hainm, is féidir sin a dhéanamh ach foirm 'Rogha maidir le hÍoc Duaise' a líonadh isteach agus a chur isteach (mar aon le cóip de cheanntásc ráitis bainc). Tá an fhoirm sin le fáil ar líne nó féadfar teagmháil a dhéanamh linn ag na sonraí thíos agus is féidir linn an fhoirm a chur tríd an bpost.

12 Déantar luach an duaischiste mhíosúil a athríomh ag tús gach mí trí ráta úis inathraitheach a chur i bhfeidhm ar luach gach Duaisbhanna a bhí amuigh ag deireadh na míosa roimhe sin. Ní íoctar aon ús le Sealbhóirí Bannaí. Ina ionad sin, íoctar an t-ús isteach sa duaischiste míosúil, le roinnt ar na buaiteoirí sa tarraingt sheachtainiúil. Tig leis an NTMA an líon agus luach na nduaiseanna a leasú ag aon am agus fógrófar aon athruithe ar ráta nó struchtúr na duaise sna príomhnuachtáin laethúla agus ar StateSavings.ie.

13 I gcás nach bhfaightear íocaíocht nó mura nglantar an íocaíocht, cealófar na bannaí ábhartha agus ní fhabhróidh aon duaiseanna.

14 Níl na duaiseanna a bhuaitear faoi réir cánach ach d'fhéadfadh dliteanais chánacha eile bheith ag an sealbhóir Banna ag brath ar a chúinsí áirithe (i.e. bronntanais/ oidhreacht). Mholfaimis dá bhrí sin go rachaidh an sealbhóir Banna i gcomhairle le comhairleoir cánach.